

❖ An Lúibín ❖

31 Márta 2009

An Gael

One of America's oldest Irish-language organisations has relaunched one of the oldest Irish-language journals.

Tá leagan nua de *An Gael* ar na bacáin – agus mura bhfuil eolas agat ar an irisleabhar céanna, tháinig sí amach den chéad uair chomh fada siar leis an mbliain 1881. Mícheál Ó Lócháin, bunaitheoir Chumann Carad na Gaeilge (nó an ‘Philo-Celtic Society’), a bheartaigh í, ach tar éis tamaill tháinig meath uirthi. Táthar á rá gur gearr go mbeidh fáil ar an eagrán nua - iris ghinearálta idirnáisiúnta a thabharfaidh tús áite don Ghaeilge.

Tá an Cumann lonnaithe i Nua-Eabhrac, agus bhí ceangal daingean idir é agus Conradh na Gaeilge i dtús an 20ú haois. Mhair an Conradh ach lagaigh an Cumann; anois tá spionnadh nua ag teacht sa dream úd arís, baill nua acu agus nuachtlitir, *An Gael-Breise*, ag teacht amach le tamall anuas.

Tá fáilte ag eagarthóir *An Gael* roimh scéalta, dánta nó ailt nach raibh i gcló go fóill. Is é an seoladh ríomhphoist angael@optonline.net, ach, de bharr na bhfadhbanna a bhí acu le turscar¹ (‘spam’), iarrtar ar dhaoine ábhar a chur isteach mar a leanas: dul go dtí Cumann Carad na Gaeilge ar Yahoo, bualadh ar ‘Join This Group,’ na gnáthscrúduithe turscail a sheasamh. ‘Post’ ansin, nó feidhm a bhaint as philo-celticsociety@yahoogroups.com.

Iarrann an t-eagarthóir ar dhaoine gan bacadh le cúrsaí polaitíochta nó creidimh agus a bheith béasach i gcónaí. Beidh idir Ghaeilge agus Bhéarla san iris (cé gur fearr leis Gaeilge) agus tiocfaidh sí amach go ráithiúil.



Dearmad

An Lúibín 16/3/09, lch 6 (Burma): Léigh ‘ar dhrochiarsmaí na míréire’ in ionad ‘ar dhrochiarsmaí an mhíréir’. Focal firinsneach á dhéanamh d’fhocal baininsneach! Fuair daoine éigin eagrán ceartaithe, ach leisce aon duine eile a scanrú...

Teastas Eorpach na Gaeilge

More demand for the European Certificate of Irish-language proficiency.

Teastas idirnáisiúnta is ea Teastas na Gaeilge (TEG); tugann sé aitheantas do dhuine ar bith atá ag foghlaim Gaeilge agus cuidíonn sé leis an bhfoghlaim féin a eagrú. Tá scrúduithe ann le haghaidh ceithre leibhéal cumais, iad ag triail cumas labhartha agus léimh, cluastuisceana agus léamhthuisceana.

Tá iarraidh éigin ar TEG anois. Sa bhliain 2008, rinne beagnach 500 duine na scrúduithe in Éirinn, sa Fhrainc agus i bPoblacht na Seice. I mbliana beidh scrúduithe ar siúl i gCambridge agus i Nua Eabhrac.

¹ Feidhm nua á baint anseo as *turscar*, focal a chiallaíonn *snáth mara* nó *conamar* de ghnáth. Féach an foclóir leictreonach ar www.acmhainn.ie.

Tá lámh ag Ollscoil Nua Eabhrac (NYU) sa ghnó mar áit atá ag múineadh Gaeilge le tamall anuas. Bíonn oidí na hollscoile ag múineadh Gaeilge taobh istigh agus taobh amuigh den ollscoil, agus is féidir le daoine atá ag foghlaim na teanga uathu féin aitheantas a fháil tríd an Teastas. I gCambridge tá Gaeilge á múineadh le trí bliana anuas. Tá feidhm á baint as córas TEG in áiteanna eile, fiú in áiteanna nach féidir scrúduithe a dhéanamh iontu fós – Aithin, Varese na hIodáile, Naomh Pól i Minnesóta, agus Montréal.

Tá Teastas Eorpach na Gaeilge á múineadh i roinnt scoileanna in Éirinn, agus deirtear go bhfuil ag éirí sách maith leis – cuirtear treise ar an gcumarsáid agus ar an spraoi, rud a thaitníonn leis na daltaí.

Tá méadú éigin ag teacht ar líon na bhfoghlaimoirí fásta in Éirinn. Tá fíorshuim ag cuid acu sa teanga, suim a músclaíodh tar éis dóibh an scoil a fhágáil. Daoine a bhíonn ag obair san earnáil phoiblí is ea an chuid eile agus é de cheangal ortha coinníollacha Acht na dTeangacha Oifigiúla a shásamh.

Tá siollabais, ábhar teagaisc agus ábhar éisteachta ar fáil saor in aisce ar www.teg.ie, agus tá comhairle ar fáil ó Ionad na dTeangacha in Ollscoil na hÉireann Má Nuad. Cuir ríomhphostas chun teanga@nuim.ie.



Aire ar cuairt

A visit from Ireland by the Minister for Irish (and farmers).

Thuga an tAire Stáit Éamon Ó Cuív cuairt ar an Astráil le déanaí, agus tháinig sé féin agus a bhean chéile chomh fada le Melbourne. Bhí ócáidí rompu ann, agus bhí *An Lúibín* i láthair ag ceann acu sa Chlub Cheilteach ar 18/3/09, nuair a bhuail an tAire le baill d’eagraíochtaí Éireannacha. Bhí Máirtín Ó Fainín, an tAmbasadóir, ann ina theannta, agus, ar ndóigh, Gaeilge líofa aige.

Bhí a lán Gaeilgeoirí ann agus a lán Gaeilge le cloisteáil, cuid di i gcomhrá agus cuid eile sna hóráidí. Thug an tAire leis bronntanais ó scoileanna lánGhaeilge in Iarthar Éireann do pháistí a d’fhulaing na tinte móra a chreach an oiread sin d’oidheisceart na tíre tar éis na Nollag.

Ina óráid rinne an tAire tagairt don mhaoiniú a bhí á tabhairt ag Rialtas na hÉireann d’institiúidí léinn ar fud an domhain chun múineadh na Gaeilge a spreagadh. Fuair Ollscoil Sydney cuid de agus is maith an rud é; dealraíonn sé nár iarr Ollscoil Melbourne (foras a bhfuil cúrsa léinn Éireannaigh ann) pingin. Fágann sin nach mbeidh Gaeilge á múineadh ach ag aon ollscoil Astrálach amháin.

Bhí an tAire agus a bhean chéile an-lách, agus beidh súil ar ais leo.



Fianaise i nGaeilge

A Melbourne seminar about the use of historical evidence in Irish.

Ar 17/3/09 bhí an tOllamh Cormac Ó Grada (Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath) ina chainteoir ag seimineár in Ollscoil Melbourne, agus é ag cur síos ar 'Poets, Songsters and Storytellers: Irish History as Gaeilge'. Bhí scata Gaeilgeoirí ann, rud is annamh ag na seimineáir seo.

Thug Ó Gráda faoi cheist na fianaise staire atá le fáil i nGaeilge, fianaise atá go han-mhaith chun mothúcháin agus atmaisféar an Drochshaoil a nochtadh. Is beag feidhm a bhaineann formhór na staraithe as fianaise i nGaeilge, agus dúirt Ó Gráda go raibh claonadh ag a lán acu chun an Ghaeilge a shamhlú le náisiúnachas seanfhaiseanta. Thaispeáin sé gur mhór ab fhiú an fhianaise sin a úsáid ach í a bheith ann (agus is minic, ar ndóigh, nach mbeadh teacht uirthi). I gcás an Drochshaoil tá neart fianaise tánaistí le fáil sna cuntais a bhailigh Coimisiún Béaloideas Éireann (a cuireadh ar bun sa

bhliain 1935) sna tríochaidí, sna daichidí agus insa caogaidí féin. Agus tá flúirse ábhair ann, mar a dúirt Ó Grada cheana in 'An Drochshaol'(1994):²

Chnuasaigh bailitheoirí an Choimisiúin breis agus 3,500 leathanach d'ábhar, lámhscríofa den chuid ba mhó, ó bhreis agus cúig chéad soláthróir eolais ar fad. Ba í meánaois na ndaoine a chuir eolas ar fáil ná 73-74 bliain ach bhíodar ann ó aois a 30 go haois 99 bliain. Níor chuimhin le héinne acu féin an drochshaol, ach bhí gaotha nó comharsain a ghabh tríd ar a n-aithne.

Dúirt sé go raibh cuid de na cuntais níos fearr ná a chéile, agus go raibh an chuid ab fhearr acu ar fheabhas - pointe eile a tharraingíonn sé anuas sa leabhar:

Bhain duine as cearthrar úsáid as an nGaeilge agus bhíodar sin níos caintí agus níos líofa ná an chuid eile, toisc gurbh iad sin a sholáthraigh daichead faoin gcéad den eolas. Má thugtar stracfhéachaint ar na freagraí, is léir go raibh caighdeán eolais an ábhair i nGaeilge i bhfad níos saibhre ná mar bhí sa Bhéarla.

Ní léargas forleathan a thugann a leithéid d'fhianaise ar an Drochshaoil; rud áitiúil is ea í, agus is ea na mioneachtraí is mó is cás leis. Sa leabhar deir sé gur 'foinse bheoga, mhealltach, spreagúil í an béaloideas,' agus, mar a dúirt sé ag an seimineár freisin, soiléiríonn sé rudaí nach mbeadh le fáil ó fhoinse eile. Rinne sé tagairt do leabhar a bhain an-úsáid as an mbéaloideas, 'Glórtha ón Ghorta'.³

D'iarr sé ar a raibh i láthair a chuimhneamh go raibh gortaí ann roimhe sin in Éirinn, go háirithe sa chéad chuid den 18ú haois, agus go ndeirtear gur mharaigh ceann acu siúd an céatadán céanna de dhaoine, a bheag nó a mhór, is a cailleadh sa Ghorta Mór. Is rud é gur gaire dúinn an Drochshaol, agus gur mó an fhianaise atá againn air.



Saol nua, aeráid nua

A summary of what we can expect from a warming world.

Síltear gur 4,540,000,000 bliain ó shin a cruthaíodh an domhan, agus gurbh fhada an t-atmaisféar anghann in ocaisín. Tháinig na chéad phlandaí timpeall 2,700,000,000 bliain ó shin, iad ag sú dé-ocsaíd charbóin agus ag scaoileadh ocsaigine. Lean na chéad ainmhithe iad timpeall 600,000,000 bliain ó shin agus a mhalairt de nós acu, ocsaigin á húsáid acu agus dé-ocsaíd charbóin á scaoileadh. Tháinig na chéad daoine timpeall 4,100,000 bliain ó shin, agus fáisceadh *homo sapiens sapiens* (sinne) as an dream úd idir 130,000 agus 195,000 bliain ó shin.

Ar feadh milliún bliain, agus an cine daonna ag teacht i réim, bhí an aeráid measartha fionnuar; chríochnaigh an Oighearaois dheireanach timpeall 20,000 bliain ó shin nuair nach raibh mórán dé-ocsaíde carbóin san atmaisféar, agus timpeall 10,000 bliain ó shin cuireadh tús leis an bhfeirmeoireacht. De réir a chéile mhéadaigh ar an méid dé-ocsaíde carbóin de bharr na hinnilte agus leagan na gcoillte, agus luathaigh an méadú nuair a thosaigh an Réabhlóid Thionsclaíoch i lár an 18ú haois. Bhí daonra an domhain ag méadú gan stad: faoi láthair tá 6,763,000,000 duine ann, dhá oiread is a bhí ann sa bhliain 1959.

Deir formhór mór na n-eolaithe go bhfuil an dé-ocsaíd charbóin ag treisiú san atmaisféar agus ag caomhnú theas na gréine ann. Bhí an bhliain 1998 ar an gceann ba theo a taifeadadh riamh, agus bhí an bhliain 2007 beagnach chomh te léi. Deirtear gurb é dó na mbreosláí iontaisithe is cionsiocair le

² Ó Grada, Cormac, *An Drochshaol, Béaloideas agus Amhráin*, Coiscéim 1994.

³ Póirtéir, Cathal, *Glórtha ón Ghorta, Béaloideas na Gaeilge agus an Gorta Mór*, Coiscéim 1996.

treisiú úd na dé-ocsaíde carbóin (75%) agus gurb í úsáid (agus drochúsáid) an talaimh is cúis le 25% de.

Ní hí an dé-ocsaíd charbóin an t-aon ghás teaschaomhnaithe amháin; tá an meiteán ann (agus na beithígh ag scaoileadh an chuid is mó de) agus an ocsaíd níotrúil, agus iad ag obair as lámha a chéile, is dócha, chun an domhan a dhéanamh loiscneach.

Tá na sceiptigh ann fós agus is maith ann iad sa mhéid go dtugann siad ar dhaoine eile a gcuid tuairimí féin a cheartú agus a dhearbhu. Ach rinne an Painéal Idir-Rialtais um Athrú Aimsire⁴ amach gur gáis theaschaomhnaithe is ciontach leis an mórchuid den mhéadú teochta a chonacthas ó lár an 20ú haois i leith. Is dócha gur rudaí nádúrtha ar nós bolcán agus malartaithe grianda ba chúis le téamh beag anuas go dtí an bhliain 1950 agus le fuarú beag ina dhiaidh sin. Tá tríocha cumann eolaíoch agus acadamh eolaíochta ar aon intinn faoin drochscéal, agus acadaimh náisiúnta na dtíortha móra tionsclaíocha san áireamh.

Tá méadú 0.74°C tagtha ar an teocht dhomhanda ó thús an 20ú haois i leith. D'ardaigh leibhéal na farraige 17cm, agus leá sneachta agus oighir ar na cúiseanna a bhí leis. Agus sin gan trácht ar athruithe réigiúnacha – téamh an dá Phol, aicidiú na farraige, agus athrú ar oibriú na ngaoth, ar na triomaigh agus ar an mbáisteach, ar theas an tsamhraidh agus ar neart na n-anfaí tropaiceacha.

Ag féachaint romhainn dúinn ní mór an sólás atá le baint as an tairngreacht. Deirtear go bhféadfadh méadú idir 1.8°C agus 4°C teacht ar an teocht dhomhanda mura dtanófaí na gáis theaschaomhnaithe. Leanfaidh an fharraige uirthi ag ardú, agus dá leáfadh oighear na Gríonlainne ar fad i gceann cúpla céad bliain bheadh ardú timpeall 7m ann dá bharr – rud a bhíodh cuid mhaith den domhan. B'fhurasta don réigiún Artach i bhfad níos mó meiteáin a scaoileadh de bharr an leáite. Athrófar bealaí trádála agus bainfidh galracha áirithe amach áiteanna nach bhfacthas le fada iad. Ní gá a rá gurb iad na bochtáin is mó a bheidh thíos leis.

Más drochscéal ceart atá uait, féach ar an Amasóin.⁵ Tá staidéar déanta ag eolaithe Briotanacha le cúnaimh mionsamhlacha ríomhaireachta a thaispeánann go bhfeofadh idir 20% agus 40% den Amasóin dá n-éireadh an teocht dhomhanda 2°C os cionn an leibhéil réamhthionsclaígh – agus sin é an t-ardú is lú a bhfuil súil leis. Scriosfadh ardú 3°C 75% den choill, agus chaillfí 85% de bharr ardú 4°C. Sabhána a thiofadh ina háit. Tá córais aimsire an domhain ag brath ar na coillte tropaiceacha; ní fios go díreach cad a tharlóidh de bharr cuid den Amasóin a scrios ach is cinnte go dtiocfaidh aimsir fhiáin.

Beidh soláthar uisce agus bá na gcóstaí ag crá tíortha ar fud an domhain, agus is í an Afraic is mó atá i mbaol toisc go bhfuil a cuid éiceachóras faoi bhrú uafásach. B'fhéidir, ar dtús, go mbeadh an fheirmeoireacht níos torthúla sna críocha is faide ó thuaidh agus nach mbeadh an oiread sin gá le téamh sa gheimhreadh, ach tríd is tríd is tuar tubaiste atá ann. Is amhlaidh go mbeadh barra éigin níos borrlúla de bharr téamh áitiúil idir 1°C agus 3°C, ach laghdódh an bhorrúlacht le haon mhéadú thairis sin.

Chun feirmeoireacht éifeachtach a dhéanamh sa saol atá le teacht, tá práinn le léarscáil nua d'ithreacha an domhain. Faoi láthair níl againn ach eolas scaipthe míchruinn ar ithreacha, agus tá gá le faisnéis den scoth. Tionscadal é atá curtha ar bun cheana. Bainfear feidhm as an gciambhraiteacht, as mianadóireacht sonraí, as bunachair spásúla agus as an bhfaisnéis eolaíoch is déanaí. Soláthraíonn léarscáileanna digiteacha an iliomad dathanna agus modhanna léirithe, agus is maith an sás iad chun torthúlacht agus feidhmiú an éiceachórais a nochtadh.

Táthar i mbun oibre san Afraic trí Sheirbhís Afracach an Eolais Ithreach, agus an-tóir acu ar eolas a chuirfeadh srian le seisce an talaimh. Limistéar eile atá á scrúdú is ea an Aigéine – an Astráil, an Nua-Shéalainn, Nua-Ghuine agus na hoileáin. Ní foláir laghdú a dhéanamh ar mhí-úsáid na talaimh, ar an

⁴ The Intergovernmental Panel on Climate Change (IPCC).

⁵ 'Warming to destroy Amazon rainforest,' David Adam, *The Age*, 13/3/09.

aicéidiú agus ar an gcreimeadh, ós réigiún é ar mór an baol dó an t-athrach aeráide. Tá uisce ag éirí an-ghann cheana i ndeisceart na hAstráile.

Is iomaí institiúid léinn agus ollscoil atá páirteach sa tionscadal ar fud an domhain. Tá eolas agus íomhánna le fáil ar <http://www.globalsoilmap.net/>.

Féach freisin:

<http://globalwarming.sdsu.edu/>

<http://www.greenfacts.org/>

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun ColinG.Ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to ColinG.Ryan@ato.gov.au.